Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10840 — INFINIGATE / NUVIAS)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 367/07)

1. An 16 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Infinigate Holding AG ("Infinigate", an Eilvéis), atá faoi rialú deiridh Bridgepoint Group plc (an Ríocht Aontaithe),

— RPE Investments Limited ("RPE", an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú deiridh Rigby Group (RG) plc (an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Infinigate rialú aonair ar RPE ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is dáileoir mórdhíola táirgí TF é Infinigate a dhíríonn ar tháirgí cibearshlándála (lena n-áirítear ballaí dóiteáin, tairseacha VPN, córais chun ionraidh a bhrath agus a chosc, criptiú, cosaint ar víris, réitigh shlándála ríomhphoist agus ábhair, agus réitigh shlándála néalchumasaithe) in Iarthar na hEorpa,

— Is é RPE cuideachta sealbhaíochta Nuvias Group ("Nuvias"), atá comhdhéanta de Nuvias Group Ltd. (an Ríocht Aontaithe) agus Nuvias UC Overseas Limited (an Ríocht Aontaithe). Is dáileoir mórdhíola táirgí TF é Nuvias a dhíríonn ar tháirgí cibearshlándála agus réitigh líonraithe in Iarthar na hEorpa.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Mar sin féin, forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10840 — INFINIGATE / NUVIAS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo a leanas:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").